SPRAOI sa BHAILE

# Leabhair le léamh

ÉIRE AG LÉAMH

**Is feachtas é Éire ag léamh (Ireland Reads) ina spreagtar daoine dul i mbun léitheoireachta ar an 25 Feabhra, lá náisiúnta le haghaidh léitheoireacht a cheiliúradh.** Baineann Éire ag léamh le feachtas le haghaidh béim a chur ar shuaimhneas agus ar fholláine do leanaí trí léitheoireacht. Má fhaigheann páistí óga léitheoireacht mar nós tá gach seans go gcloíonn siad leis an nós de réir mar a théann siad in aois agus faigheann siad an t-eolas a bhaineann leis an nós ag an am céanna. Bíonn deiseanna do pháistí focail nua a fháil ón léitheoireacht, focail nach gcloistear go minic sa chaint le linn an lae agus is féidir leat féin focail nua a thabhairt don pháiste trí chomhrá, trí shúgradh nó páistí agus tuismitheoirí ag canadh/ag rá rainn pháistí le chéile.

## Chun cabhrú le do pháiste a bheith mar leabharbhách:

Tá an cleachtadh léitheoireachta ar aon tábhacht leis an tréimhse ama a chaitear ag léamh. Tabhair an rogha don pháiste leabhar a phiocadh, léigí an leabhar le chéile, lig do pháiste na leathanaigh a iompú, bígí ag léamh aghaidh ar aghaidh agus is féidir na mothúcháin/fuaimeanna a bhaineann leis an scéal a dhéanamh.

## Cúpla moladh ó thaobh leabhar de do pháistí i rannóga aoise:

### Babaí agus Lapadán

- An sraith 'Bran': 'Cá bhfuil Bran', 'Bran ag obair', 'Bran sa Bhaile', 'Bran ar an bhfeirm' – Eric Hill
- Mo Chuid Amhráin Ghaeilge – Risteard Mac Liam
- Cá bhfuil Teidí – Tadhg Mac Donnagáin & Steve Simpson
- Picnic Teidí - Sadhbh Rosenstock (amhráin i nGaeilge le CD chomh maith)
- Coinín Beag agus an Phluid Ghorm – Tatyana Feeney
- Lá álainn Dainín – Tadhg Mac Dhonnagáin
- Bog chun siúil (Dainín) – Tadhg Mac Dhonnagáin
- Babaí Beag: Focail – An Gúm
- Babaí Beag: Ainmhithe – An Gúm
- Sraith 'Babaí Cathal': 'Lá nua', 'Am dul a Luí', 'Cén dath atá air seo' - Anne Paradis
- Cathal: Is Liomsa É Anne Paradis
- Eilifint Óg agus an Folcadán – aistrithe go Gaeilge ag Tatyana Feeney

### Páiste réamhscoile

- Sraith 'Mac Tíre': 'An Mac Tíre a bhí ina Shárlaoch,' 'An Mac Tíre a Chuaigh go Tóin na Farraige', 'An Mac Tíre a Thaistil an Domhan' - Orianne Lallemand
- Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi – Julia Donaldson & Axel Scheffler (aistrithe go Gaeilge ag Tadhg Mac Dhonnagáin)
- An sraith 'Bran': 'Bran ar Scoil', 'Tá Bran in ann Comhaireamh', 'Bran ar a lá breithe' – Eric Hill
- Scúnc agus Smúirín – Muireann Ní Chíobháin
- Bí ag Spraoi Liom – Sadhbh Devlin
- An Phicnic – JC Girbés
- Cochaillín Dearg – Treasa Ní Ailpín
- Coinín Beag Bocht – Jörg Mühle
- Macán ag Roinnt lena Chairde – Orianne Lallemand
- Leabhar Mór na bhFocal Gaeilge – Gill Books

### Páiste Scoile

- Mo Theachín gan Chuma gan Chaoi – aistrithe go Gaeilge ag Tadhg Mac Dhonnagáin
- Ulchabhán Óg agus an Scairf Oráiste – Tatyana Feeney
- Frog Beag agus an Torbáin sin! – Tatyana Feeney
- Zog – Julia Donaldson (aistrithe go Gaeilge)
- Míp – Máire Zepf & Paddy Donnelly
- Geansaí Ottó – Sadhbh Devlin
- Cá bhfuil Puifín Beag? – Erika McGann
- Bliain na nAmhrán – Tadhg Mac Dhonnagáin
- Faoin Tuath – Seo Linn ag Cuardach Focal Benedict Blathwayt
- Sa Bhaile – Seo Linn ag Cuardach Focal Benedict Blathwayt
- Ar Thóir Focal le Róbó – Heather Heyworth

Is féidir leabhair a dhéanamh sa bhaile chomh maith – cuir i gcás leabhair de ghrianghraif, leabhair le liopaí, leabhair gur bhreá iad a mhothú nó a thadhall, leabhair faoi imeachtaí éagsúla is araile. *Maidir leis na cinn i nGaeilge tá siad go léir ar fáil ón siopa leabhar ag www.siopaleabhar.com, is féidir iad a ordú ar an suíomh idirlín (ní féidir iad a bhailiú ón siopa faoi láthair).

An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
Department of Children, Equality, Disability, Integration and Youth